CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/2131 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 atá i gceangal leis an gComhaontú LEE a chur chun feidhme

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 122 agus Airteagal 322(1) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 a bhaineann le socruithe chun an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]) a chur chun feidhme, agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, d'fhéadfadh Comhchoiste an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch ("Comhchoiste LEE") a chinneadh leasú a dhéanamh ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82, atá i gceangal leis an gComhaontú LEE ("Prótacal 32"), *inter alia* a chur chun feidhme.

(3) Le Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, leithdháiltear ioncam sannta seachtrach breise ar an gClár Fís Eorpach a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus ar an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta arna rialú ag Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Is iomchuí a shoiléiriú i bPrótacal 32, ba cheart, chun críche ranníocaíochtaí airgeadais Stáit CSTE a ríomh, go méadófaí an bonn don ríomh le leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta seachtrach faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2020/2094 i ndáil lena rannpháirtíocht sa chlár sin agus sa sásra sin.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Prótacal 32 a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bhunú ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE,

([1]) IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.
([3]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 23).
([4]) Rialachán (AE) 2021/695 ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1).
([5]) Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Phrótacal 32 maidir le módúlachtaí airgeadais chun Airteagal 82 atá i gceangal leis an gComhaontú LEE a chur chun feidhme, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE ([6]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Samhain 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. POČIVALŠEK

([6]) "Ní hann do théacs an dréachtchinnidh sa Ghaeilge."